**Ealaíontóir:** Alexander Calder

**Teideal:** *Cactus provisoire* (1967)

**Meán:** Cruach tháthaithe

**Láthair:** Cearnóg na gComhaltaí, os comhair Fhoirgneamh na nEalaíon agus trasna ón tSeanleabharlann. Céimí a bhronn sa bhliain 1978 é nuair a bhí Foirgneamh na nEalaíon á oscailt go hoifigiúil.

Rugadh i 1898 in Philadelphia; fuair bás i 1976 i Nua-Eabhrac
Chothaigh a chuid tuismitheoirí, a mb'ealaíontóirí iad féin, féith na cruthaitheachta in Alexander Calder ó bhí sé óg agus léirigh sé cumas faoi leith maidir le hábhar a láimhseáil ó laethanta a óige. Chláraigh sé sa *Stevens Institute of Technology* agus bronnadh céim innealtóireachta air sa bhliain 1919. Tar éis dó oibriú i bpoist éagsúla innealtóireachta agus tionsclaíochta, d'oibrigh sé ina fhear dóiteáin ar long a bhí ag dul go San Francisco as Nua-Eabhrac. Amach ó chósta Ghuatamala, dhúisigh sé amuigh ar deic tráth a raibh éirí na gréine agus an ghealach lán le feiceáil siar agus soir aige; go gairid ina dhiaidh dó sin dul i gcion air a shocraigh sé de rún daingean go mbeadh sé ina ealaíontóir.

D'athraigh sé go Nua-Eabhrac sa bhliain 1923, chuaigh sé isteach san *Art Students League* agus fuair sé post i mbun léaráidí a cheapadh don *National Police Gazette*. Ar cheann de na cúraimí a leagadh air, bhí sceitseáil a dhéanamh ar radhairc sorcais i rith na bliana 1925 agus ba é sin a spreag *Cirque Calder* a chruthaigh sé i bPáras an bhliain dár gcionn. Ábhar éadála a d'úsáid sé don saothar sin a tháinig dhá scór bliain roimh shaothair eile den ealaín taibhréime. Chuir sé ar siúl do chairde dá chuid i bPáras ar dtús é agus d'éirigh go maith leis ina dhiaidh sin á chur i láthair don phobal i Nua-Eabhrac agus i bPáras. Bhain sé sásamh as oibriú le sreang agus cheap sé portráidí sreinge dá chairde agus do dhaoine iomráiteacha. Mar gheall ar an saothar ceannródaíochta sin, cuireadh taispeántas aonair dá chuid saothair ar siúl i Nua-Eabhrac sa bhliain 1928, sa Weyhe Gallery. Ba ghairid go raibh taispeántais aonair eile ar siúl i Nua-Eabhrac, i bPáras agus i mBeirlín a d'fhág cuid mhór taistil ar bun aige. Ba le linn an taistil sin a casadh Louisa James (garneacht le Henry James) air agus phós siad sa bhliain 1931.

Thug sé cuairt sa bhliain 1930 ar an stiúideo a bhí ag Piet Mondrian i bPáras gur baineadh oiread de gheit as agus gur thug sé an teibíocht go hiomlán air féin. Rinne sé péintéireacht theibí ar feadh tamaill ach ba ghearr gur tuigeadh dó gurbh í an dealbhóireacht ba rogha leis. Tugadh cuireadh ina dhiaidh sin dó isteach leis an dream Abstraction-Création ina raibh cairde leis, Mondrian, Arp agus Hélion. I ndeireadh na bliana 1931 a chruthaigh sé an chéad

Tá eolas san alt seo ó www.groveart.com agus http://calder.org/historicaltexts Arna chur le chéile ag Cian O'Carroll, Intéirneach Mic Léinn mar Chúntóir ag an gCoimeádaí 2009, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath–intéirneacht le ciste ó Chumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

cheann de na saothair dealbhóireachta "cinéiteacha", a d'oibrítí le córas innill agus cromán. "*Mobiles"* a thug Marcel Duchamp ar an gcineál seo agus thug Jean Arp "*stabiles*" ar na saothair neamhchinéiteacha de ghrá na hidirdhealaithe. Sa bhliain 1933 a thosaigh sé ag déanamh *mobiles* a ndéanfadh an t-aer iad a chorraí agus d'fhág sé Páras an bhliain chéanna go ndeachaigh go Roxbury, Connecticut.

Chóirigh sé teach oighir ansin go ndearna stiúideo dó féin agus nascadh an ceangal le is an *Pierre Matisse Gallery* i Nua-Eabhrac le taispeántas sa bhliain 1934. Rugadh an chéad iníon, Sandra, an bhliain dár gcionn agus Mary sa bhliain 1939. Lean sé de *Cirque Calder* a chur ar siúl agus thosaigh sé ag obair ar shaothair mhóra dealbhóireachta amuigh faoin aer, mar shampla saothair as miotal leatháin de leithéid *Big Bird* nó *Devil Fish* ón mbliain 1937. Nuair a cuireadh iad sin ar taispeáint sa *Pierre Matisse Gallery* mar chuid den taispeántas mór *Stabiles and Mobiles*, tháinig obair mhór ar coimisiún dá mbarr don Aonach Domhanda i bPáras agus don *Museum of Modern Art* i Nua-Eabhrac. Diúltaíodh é a ligean isteach i gComplacht na "Marines" tar éis do na Stáit Aontaithe dul isteach sa Dara Cogadh Domhanda agus lean sé air i mbun a chuid ealaíne agus shaothraigh sé adhmad agus sreang.

Eagraíodh an chéad taispeántas súil siar ar a shaothar sa bhliain 1939 san George Walter Vincent Smith Gallery, agus an dara ceann sa bhliain 1943 san Museum of Modern Art, Nua-Eabhrac. Le linn do Duchamp cuairt a thabhairt air ina stiúideo i rith na bliana 1945, thug sé suntas do shaothair bheaga arna gceapadh as ábhar fuílligh a raibh Calder ag obair orthu agus leag sé amach go mbeadh taispeántas díobh sin san Galerie Louis Carré i bPáras agus scríobh Sartre ábhar don chatalóg. Sa bhliain 1949, shaothraigh sé an *mobile* ba mhó go dtí sin, *International Mobile* agus chuir sé roimhe saothair mhórscála a dhéanamh ar coimisiún. Nasc sé ceangal leis an Gallerie Maeght i bPáras tar éis taispeántas a cuireadh ar siúl sa bhliain 1950 agus lean an ceangal sin go dtína bhás.

Tá eolas san alt seo ó www.groveart.com agus http://calder.org/historicaltexts Arna chur le chéile ag Cian O'Carroll, Intéirneach Mic Léinn mar Chúntóir ag an gCoimeádaí 2009, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath–intéirneacht le ciste ó Chumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.